RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2022/517 ÓN gCOIMISIÚN

an 18 Samhain 2021

lena leasaítear Rialachán (AE) 2017/1938 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le comhdhéanamh na ngrúpaí riosca

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2017/1938 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2017 maidir le bearta chun slándáil an tsoláthair gáis a choimirciú agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 994/2010 ([1]), agus go háirithe Airteagal 3(8) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tá an comhar réigiúnach, i meon na dlúthpháirtíochta, ina threoirphrionsabal ar a bhfuil an sásra um shlándáil an tsoláthair gáis a leagtar síos le Rialachán (AE) 2017/1938 bunaithe. Chun go mbeidh an comhar réigiúnach oibríochtúil go hiarbhír, déanann Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán sin 13 ghrúpa riosca a shainaithint, a chomhfhreagraíonn do na ceithre phríomhchonaire soláthair gáis éigeandála. Le haghaidh gach grúpa riosca, liostaítear in Iarscríbhinn I na Ballstáit a bhféadfadh suaitheadh soláthair feadh na conaire difear a dhéanamh dóibh nó a d'fhéadfadh ról a bheith acu i gcás suaitheadh soláthair, nó an dá rud. Le hAirteagal 3(8) de Rialachán (AE) 2017/1938 tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh chun comhdhéanamh na ngrúpaí riosca sin a nuashonrú.

(2) Tá príomhbhonneagair gháis nua curtha i bhfeidhm ó glacadh Rialachán (AE) 2017/1938, agus meastar go ndéanfar roinnt mhaith bonneagar a choimisiúnú sna míonna atá le teacht. Cruthaíonn na bonneagair sin conairí nua soláthair éigeandála. Bíonn tionchar acu freisin ar na Ballstáit a d'fhéadfadh rannchuidiú le déileáil le haon chliseadh a d'fhéadfadh tarlú sna príomhbhealaí soláthair gáis nó a bhféadfadh cliseadh mar sin difear a dhéanamh dóibh.

(3) Faoi Airteagal 7(1) de Rialachán (AE) 2017/1938, tá Gréasán Eorpach Oibreoirí na gCóras Tarchurtha don Ghás (ENTSOG) le hionsamhlúchán athbhreithnithe uile-Aontais de chásanna eiseamláireacha suaite soláthair gáis agus bonneagair a chur i gcrích faoi mhí na Samhna 2021. Cuirfear san áireamh san ionsamhlúchán sin forbairt bhonneagair gháis an Aontais ó bhí 2017 ann agus tionchar na forbartha sin ar na conairí soláthair gáis éigeandála éagsúla. Cumhdóidh an t-ionsamhlúchán na bonneagair gháis ar fad a mheastar a bheidh i bhfeidhm in Eanáir 2023.

(4) Tionchar na mbonneagar gáis nua agus na mbonneagar gáis atá ag teacht chun cinn ar na conairí gáis éigeandála, mar a léirítear in ionsamhlúcháin uile-Aontais ENTSOG, is é sin is údar le comhdhéanamh na ngrúpaí riosca a oiriúnú dá réir.

(5) Pléadh tionchar na mbonneagar gáis nua ar chomhdhéanamh cuid de na grúpaí riosca ag roinnt mhaith gnáthchruinnithe de chuid an Ghrúpa Comhordaithe Gáis (GCG) in 2020 agus 2021. Pléadh ábhar an ghnímh seo ag cruinniú de chuid GCG a bhí srianta d'ionadaithe na mBallstát agus do ENTSOG, mar bhreathnóir.

(6) Scoir an Ríocht Aontaithe de bheith ina ball den Aontas Eorpach amhail ón 1 Feabhra 2020. Ar mhaithe le deimhneacht dhlíthiúil, ba cheart í a bhaint de liostaí na mBallstát in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2017/1938.

(7) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (AE) 2017/1938 a leasú dá réir

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Cuirtear an téacs a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo in ionad Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2017/1938.

([1]) IO L 280, 28.10.2017, lch. 1.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 18 Samhain 2021.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

"IARSCRÍBHINN 1

An comhar réigiúnach

Is iad seo a leanas grúpaí riosca na mBallstát atá mar bhonn don chomhar a mhéid a bhaineann le rioscaí dá dtagraítear in Airteagal 3(7):

1. Grúpaí riosca maidir le soláthar gáis ón Oirthear:

(a) An Úcráin: An Bhulgáir, an tSeicia, an Danmhairg, an Ghearmáin, an Ghréig, an Chróit, an Iodáil, Lucsamburg, an Ungáir, an Ostair, an Pholainn, an Rómáin, an tSlóivéin, an tSlóvaic, an tSualainn;

(b) An Bhealarúis: An Bheilg, an tSeicia, an Danmhairg, an Ghearmáin, an Eastóin, an Laitvia, an Liotuáin, Lucsamburg, an Ísiltír, an Pholainn, an tSlóvaic, an Fhionlainn, an tSualainn;

(c) Muir Bhailt: An Bheilg, an tSeicia, an Danmhairg, an Ghearmáin, an Fhrainc, Lucsamburg, an Ísiltír, an Ostair, an tSlóvaic, an tSualainn;

(d) Oirthuaisceart: An tSeicia, an Danmhairg, an Ghearmáin, an Eastóin, an Laitvia, an Liotuáin, an Pholainn, an tSlóvaic, an Fhionlainn, an tSualainn;

(e) Tras-Bhalcánach: An Bhulgáir, an Ghréig, an Ungáir, an Rómáin.

2. Grúpaí riosca maidir le soláthar gáis ón Muir Thuaidh:

(a) An Iorua: An Bheilg, an Danmhairg, an Ghearmáin, Éire, an Spáinn, an Fhrainc, an Iodáil, Lucsamburg, an Ísiltír, an Pholainn, an Phortaingéil, an tSualainn;

(b) Gás calrach íseal: An Bheilg, an Ghearmáin, an Fhrainc, an Ísiltír;

(c) An Danmhairg: An Danmhairg, an Ghearmáin, Lucsamburg, an Ísiltír, an Pholainn, an tSualainn;

(d) An Ríocht Aontaithe: An Bheilg, an Ghearmáin, Éire, Lucsamburg, an Ísiltír.

3. Grúpaí riosca maidir le soláthar gáis ón Afraic Thuaidh:

(a) An Ailgéir: An Ghréig, an Spáinn, an Fhrainc, an Chróit, an Iodáil, Málta, an Ostair, an Phortaingéil, an tSlóivéin;

(b) An Libia: An Chróit, an Iodáil, Málta, an Ostair, an tSlóivéin.

4. Grúpaí riosca maidir le soláthar gáis ón Oirdheisceart:

(a) Conair Gháis an Deiscirt — Muir Chaisp: An Bhulgáir, an Ghréig, an Chróit, an Iodáil, an Ungáir, Málta, an Ostair, an Rómáin, an tSlóivéin, an tSlóvaic;

(b) An Mheánmhuir Thoir: An Ghréig, an Iodáil, an Chipir, Málta."